Foirm Thuairisce ar Eachtra / Timpiste SG-05

Faoi Rún

Sonraí an Ghrúpa

Ainm an ghrúpa _____

Ceannaire an ghrúpa _____

Daoine eile a bhí i láthair _____

Sonraí na timpiste

Dáta agus am ar tharla sé _____

Cén áit ar tharla sé? _____ Cén ghníomhaíocht a bhí ar bun? _____

Cé hiad na páirtithe a bhí i gceist? _____

Sonraí teagmhála na bpáirtithe sin (sonraí teagmhála a dtuismitheoirí/caomhnóirí, de ghnáth).

_____

Ar cuireadh tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi? Cuireadh ☐ Níor cuireadh ☐

Déan cur síos ar an timpiste (is féidir leathanach breise a chur leis seo, más gá).

_____

_____

_____

Cad iad na bearta a tógadh le linn na heachtra agus ina dhiaidh?

_____

_____

_____

Cé hiad na daoine a ndearnadh teagmháil leo?

Ainm	Dáta	Am
_____	_____	_____
_____	_____	_____

Má cuireadh cóir leighis orthu, tabhair sonraí ina thaobh.

_____

_____

Déan cur síos ar aon bhearta a tógadh nó a bheidh le tógáil i ndiaidh na heachtra.

_____

_____

Ainm an duine a líon amach an fhoirm seo.

Síniú _____ Dáta _____

Treoirlínte chun déileáil le timpiste nó eachtra

Tá sé ríthábhachtach go bhfuil cur amach ag foireann na hEaglaise (an chléir, reiligiúnaigh agus oibrithe deonacha) ar na nósanna imeachta seo. Má tá timpiste ag gasúr agus gortaítear iad le linn gníomhaíochta de chuid na hEaglaise, ní mór na céimeanna a leanas a leanúint.

1. Déan an gortú a mheas, agus cuir an gasúr ar a suaimhneas. Más **drochghortú** é, nó má tá an gasúr gan aithne gan urlabhra, cuir fios ar na seirbhísí éigeandála láithreach ach glaoch ar 999 nó 112. Is féidir glaoch ar 112 ó ghuthán nach bhfuil aon chreidmheas ann agus fiú nach bhfuil cárta SIM ann. Uimhir éigeandála na hEorpa is ea 112, agus is féidir glaoch air pé áit san Eoraip a bhfuil tú. Má táthar chun fios a chur ar na seirbhísí éigeandála, ní mór teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí an ghasúir go práinneach. Gheobhaidh tú sonraí teagmhála na dtuismitheoirí ar an bhfoirm chláraithe nó toilithe. Mura bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí an ghasúir ar fáil, d'fhéadfadh sé tarlú go gcaithfidh ceannaire dul in éineacht leis an ngasúr go dtí an t-ospidéal. Má tá cóir leighis de dhíth, d'fhéadfadh foireann an ospidéil fiafraigh an bhfuil ailléirgí nó riocht sláinte ar an ngasúr. Arís, ba chóir an t-eolas seo a bheith ar fáil ar an bhfoirm chláraithe/thoilithe.

2. Más **mionghortú** é, ba chóir go mbeidh tú in ann é a chóireáil lena bhfuil sa bhosca garchabhrach. Ba cheart bosca garchabhrach, atá lán, a bheith ar fáil le linn aon ghníomhaíochtaí de chuid na hEaglaise. Ná déan dearmad nóta a dhéanamh den fhearas a úsáidtear ionas gur féidir fearas nua a chur ina áit a luaithe agus is féidir. Níor cheart duit cógas a thabhairt do ghasúr i gcás ar bith.

3. Scríobh tuairisc ar an timpiste a luaithe agus is féidir i ndiaidh dó tarlú. Bain leas as an bhfoirm thuairisce ar eachtra/timpiste ar an leathanach thall. Ba chóir an fhoirm seo a choinneáil slán sábháilte de réir na rialacha um chosaint sonraí, agus ba cheart caitheamh leis mar chomhad faoi rún.

4. Cuir tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi gach timpiste a tharlaíonn dá ngasúr, is cuma cé chomh beag is atá sé. Moltar cóip den fhoirm thuairisce ar eachtra/timpiste a thabhairt do na tuismitheoirí/cúramóirí chomh maith.

5. Moltar cóipeanna bána den fhoirm thuairisce ar eachtra/timpiste a choinneáil leis an mbosca garchabhrach sa chaoi is go mbeidh siad in aice láimhe nuair atá siad ag teastáil.